



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2023
(OR. en)

10917/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0192(COD)**

**TRANS 274
UK 137
CODEC 1182**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 328 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nloch

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 328 final.

Faoi iamh: COM(2023) 328 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2023
COM(2023) 328 final

2023/0192 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena gcuimhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é atá i Nasc Seasta Mhuir nIocht nasc iarnróid uathúil lena mbaineann struchtúr innealtóireachta aonair casta agus é lonnaithe go páirteach i gcóir Phoblacht na Fraince agus go páirteach i dtríú tír, is é sin an Ríocht Aontaithe.

Teastaíonn ceanglais comhleanúnacha sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid dó ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir mar aon le comhar idir údarais sábháilteachta náisiúnta na Fraince agus na Breataine.

Chun oibríocht shábháilte agus éifeachtúil Nasc Seasta Mhuir nIocht a áirithiú, an 23 Márta 2023 d'iarr Poblacht na Fraince cumhachtú chun comhaontú idirnáisiúnta maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht a chaibidliú agus a thabhairt i gcóir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe').

Leis an gcomhaontú seo, thrasuífi colún teicniúil an Cheathrú Pacáiste Iarnróid go páirteach (Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹) le haghaidh na coda de Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoi dhlínse Phoblacht na Fraince.

Dá bhrí sin, is iomchuí Poblacht na Fraince a údarú chun comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcóir leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta i Nasc Seasta Mhuir nIocht.

Leis an gcomhaontú, ba cheart a áirithiú go rialaítear an chuid de Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoi dhlínse Phoblacht na Fraince le dlí an Aontais agus ba cheart an Chúirt Bhreithiúnas a bheith inniúil go heisiach chun í a léirmhíniú. Dá bhrí sin, níl aon rud sa chomhaontú seo a bhfuil amhras ann ina leith maidir le prionsabal thosaíochta dhlí an Aontais. Ba cheart prionsabal na héifeachta díri, i gcás inarb infheidhme, a urramú freisin. Ba cheart neamhspleáchas Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus údarás sábháilteachta náisiúnta na Fraince a áirithiú freisin.

Ba cheart sásra sonrach a bheith sa chomhaontú chun gur féidir é a leasú i gcás athruithe amach anseo ar dhlí an Aontais, go háirithe athruithe ar Threoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798. Ba cheart cumhachtú don Choimisiún a bheith sa chomhaontú lenar féidir leis Poblacht na Fraince a údarú chun an comhaontú a leasú agus é a oiriúnú i gcás leasuithe ar na Treoracha sin. A mhéid a bhaineann leis an gcuid de Nasc Seasta Mhuir nIocht faoi dhlínse na Ríochta Aontaithe, ba cheart comhleanúnachas na gceanglas sábháilteachta agus idir-inoibritheachta a áirithiú leis an gcomhaontú, rud a chuirfeadh le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht i Nasc Seasta Mhuir nIocht.

D'iarr Poblacht na Fraince cheana cumhachtú ón Aontas in 2020 chun comhaontú a chaibidliú leis an Ríocht Aontaithe a d'áirítheodh go gcuirfi dlí an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE) 2016/796 agus Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, i bhfeidhm ar bhealach

¹ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach, IO L 138, 26.5.2016, lch. 44

Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid, IO L 138, 26.5.2016, lch. 102

aontaithe agus dinimiciúil ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir (lena n-áirítear an chuid faoi dhlínse na Ríochta Aontaithe) a ndéanadh údarás dénáisiúnta maoirseacht air, is é sin an Coimisiún Idir-Rialtasach a cuireadh i bhfeidhm le Conradh Canterbury agus a dtabharfadh a Údarás Sábháilteachta cúnamh dó. Cumhachtaíodh Poblacht na Fraince é sin a dhéanamh le Cinneadh (AE) 2020/1531². Níor thángthas ar chomhaontú atá sásúil don dá Pháirtí go dtí seo tar éis na gcaibidlíochtaí faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chinneadh sin. Dá bhrí sin, moltar cumhachtú malartach. Ós rud é go bhforálfaí le comhaontú a thabharfaí i gcrích ar bhonn Chinneadh (AE) 2020/1531 maidir le bealach níos aontaithe agus, dá bhrí sin, níos éifeachtúla i ndáil le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir, níor cheart an rogha sin a chur as an áireamh agus, dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh atá beartaithe a bheith gan dochar do Chinneadh (AE) 2020/1531.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na cuspóirí thuasluaite comhsheasmhach go hiomlán leis an mbeartas atá ann cheana i réimse na sábháilteachta agus na hidir-inoibritheachta iarnróid, agus le Cinneadh (AE) 2020/1531 freisin ar na cúiseanna thuasluaite.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bheidh aon neamhréireachtaí ann le haon bheartas eile de chuid an Aontais ann de bharr comhaontú náisiúnta maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 2(1) agus 91 CFAE bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é is cuspóir don togra caibidlíú comhaontaithe idirnáisiúnta maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht a údarú, de bhun Airteagal 2(1) CFAE, lena n-áiríteofar cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas sábháilteachta agus idir-inoibritheachta ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir.

Dá bhrí sin ní théann an Cinneadh atá beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir sin a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

An cuspóir atá á iarraidh, is é sin go n-áiríteofar ceanglais chomhleanúnacha sábháilteachta agus idir-inoibritheachta ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir, lena n-áirítear an chuid faoi dhlínse na Ríochta Aontaithe.

² Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus Oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann Lamháltóirí Priobháideacha a chaibidlíú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích, IO L 352, 22.10.2020, lch. 4

Dá bhrí sin, is iomchuí na heilimintí maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid a áireamh i gcomhaontú idir Poblacht na Fraince agus an Ríocht Aontaithe agus dá bhrí sin is gá Poblacht na Fraince a chumhachtú chun é sin a dhéanamh.

An Cinneadh atá beartaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle atá dírithe chuig Poblacht na Fraince agus a thugann an chumhacht di faoi Airteagail 2(1) agus 91 CFAE an comhaontú sin a chaibidlíú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe, is ionstraim leormhaith é sin dá bharr.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán foirmiúil. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne Poblacht na Fraince agus bheadh an cumhachtú atá beartaithe dírithe chuig an mBallstát sin amháin.

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne Poblacht na Fraince agus bheadh an cumhachtú atá beartaithe dírithe chuig an mBallstát sin amháin. Baineann sé le hábhar an-sonrach atá teoranta ó thaobh raon feidhme de, is é sin comhleanúnachas na gceanglas sábháilteachta agus idir-inoibritheachta ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra le REFIT.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar ag an togra seo ar bhuiséad an Aontais.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidlíú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 2(1) agus Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis an gConradh idir Poblacht na Fraince agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann lamháltóirí príobháideacha arna shíniú in Canterbury an 12 Feabhra 1986 ('Conradh Canterbury'), bunaíodh Coimisiún Idir-Rialtasach chun maoirseacht a dhéanamh ar gach ceist a bhaineann le tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht.
- (2) Ó dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁵, tá bainisteoir bonneagair Nasc Seasta Mhuir nIocht agus na gnóthais iarnróid a oibríonn i Nasc Seasta Mhuir nIocht faoi réir dhá chreat dlí ar leithligh a mhéid a bhaineann le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid.
- (3) I litir ó Phoblacht na Fraince dar dáta an 16 Iúil 2020, d'iarr sí ar an Aontas go gcumhachtófaí í comhaontú idirnáisiúnta a chaibidlíú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht. I gcomhréir leis an iarraidh sin, le Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, cumhachtaíodh Poblacht na Fraince comhaontú a chaibidlíú chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais,

³ IO C , , lch. .

⁴ IO C , , lch. .

⁵ IO L 29, 31.1. 2020, lch. 7.

⁶ Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus Oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann Lamháltóirí Príobháideacha a chaibidlíú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích, IO L 352, 22.10.2020, lch. 4.

go háirithe Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, i bhfeidhm ar bhealach aontaithe agus dinimiciúil ar fud Nasc Seasta Mhuir nIocht go léir. Ina theannta sin, i gCinneadh (AE) 2020/1531 leagadh síos na coinníollacha faoina bhféadfadh an Coimisiún Idir-Rialtasach leanúint de ról an údarais náisiúnta sábháilteachta a bheadh freagrach as an gcuid de Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoi dhlínse na Fraince a chomhlíonadh.

- (4) Ós rud é nár thángthas ar chomhaontú atá sásúil don dá Pháirtí go dtí seo tar éis na gcaibidlíochtaí faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chinneadh sin, léirigh Poblacht na Fraince go bhfuil rún aici comhaontú difriúil a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích i litir uathí dar dáta an 23 Márta 2023.
- (5) Maidir le comhaontú idirnáisiúnta le tríú tír i ndáil le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid i gcásanna trasteorann, d'fhéadfadh comhaontú den chineál sin difear a dhéanamh do réimse a chumhdaítear den chuid is mó le dlí an Aontais agus go háirithe le Treoracha (AE) 2016/798⁹ agus (AE) 2016/797 agus Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, tagann aon chomhaontú den chineál sin faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais. Ní fhéadfaidh na Ballstáit comhaontú den chineál sin a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas iad é sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ós rud é go mbaineann an comhaontú le réimsí a chumhdaítear faoi dhlí an Aontais atá ann cheana i réimse an iompair, tá sé riachtanach gurb é reachtóir an Aontais a thabharfaidh an cumhachtú sin, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach dá dtagraítear in Airteagal 91 CFAE.
- (6) I bhfianaise a uathúla atá Nasc Seasta Mhuir nIocht mar nasc iarnróid lena mbaineann struchtúr innealtóireachta aonair casta agus é lonnaithe go páirteach i gcórch na Fraince agus go páirteach i dtríú tír, is iomchuí Poblacht na Fraince a údarú chun comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe chun a áirithiú go gcuirfear rialacha comhleanúnacha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht i Nasc Seasta Mhuir nIocht i bhfeidhm, agus chun an comhar idir údarás sábháilteachta náisiúnta na Fraince, is é sin Etablissement Public de Sécurité Ferroviaire ('EPSF') agus údarás sábháilte na Ríochta Aontaithe, is é sin the Office of Rail and Road ('ORR') a áirithiú.
- (7) Ba cheart an chuid de Nasc Seasta Mhuir nIocht faoi dhlínse Phoblacht na Fraince a bheith fós faoi réir dhí an Aontais. Ba cheart prionsabail thosaíocht agus, i gcás inarb infheidhme, éifeacht dhíreach dhlí an Aontais agus inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus chomhlachtaí an Aontais faoi seach a chosaint.
- (8) Díospóidí idir Poblacht na Fraince agus an Ríocht Aontaithe maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, níor cheart iad a chur faoi bhráid an bhoird eadrána a cuireadh ar

⁷ Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

⁸ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).
Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

⁹ Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)

bun faoi Airteagal 19 de Chonradh Canterbury ná faoi bhráid aon mhodh eile maidir le díospóidí a réiteach atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

- (9) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/796, ba cheart Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh leanúint de fhreagracht a bheith aici, agus aici amháin, le haghaidh na bhfeidhmeanna agus na gcumhachtaí a shanntar di agus, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2016/798, ba cheart do EPSF leanúint de bheith neamhspleách ina chuid cinnteoireachta. Dá bhrí sin, i leith na n-ábhar ar a dtugtar aghaidh sa chomhaontú atá beartaithe, ba cheart ról an Choimisiúin Idir-Rialtasaigh agus an Údaráis Sábháilteachta a bhunaítear faoi Chonradh Canterbury a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí EPSF agus ORR a chomhordú. Níor cheart gníomhartha rialála an Choimisiúin Idir-Rialtasaigh agus an Údaráis Sábháilteachta nó a n-éifeachtaí difear a dhéanamh do neamhspleáchas cinnteoireachta EPSF, i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (10) Chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais chun feidhme i gceart i gcónaí sa chuid de Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoin dhlínse Phoblacht na Fraince, agus chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún formhaoirseacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm faoi rialú na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear in imthosca práinne, ba cheart do Phoblacht na Fraince an ceart a choinneáil chun an comhaontú a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis go haontaobhach.
- (11) Chun athruithe i ndlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chur san áireamh, go háirithe athruithe ar Threoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, ba cheart go ndéanfar foráil leis an gcomhaontú maidir le rialacha i ndáil lena leasú. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún Poblacht na Fraince a údarú chun an comhaontú a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta leasaitheach a leagtar síos ann, chun é a oiriúnú d'athruithe ar dhlí an Aontais.
- (12) I bhfianaise forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ba cheart an cumhachtú sin a bheith gan dochar don chumhachtú a dheonaíonn an tAontas le Cinneadh (AE) 2020/1531,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta i Nasc Seasta Mhuir nIocht, agus maidir le comhar idir EPSF agus ORR ('an comhaontú').

Tá an cumhachtú faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chinneadh sin.

Airteagal 2

1. I leith na coda de Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoin dhlínse Phoblacht na Fraince, comhlíonfaidh an comhaontú na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) Beidh an comhaontú comhoiriúnach le dlí an Aontais ar gach bealach. Áiritheofar prionsabail thosaíocht agus, i gcás inarb infheidhme, éifeacht dhíreach dhlí an Aontais.
 - (b) Díospóidí idir Poblacht na Fraince agus an Ríocht Aontaithe maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ní chuirfear iad faoi bhráid an bhoird eadrána a

cuireadh ar bun faoi Airteagal 19 de Chonradh Canterbury ná faoi bhráid aon mhodh eile maidir le díospóidí a réiteach atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

- (c) Coimeádfaidh Poblacht na Fraince an ceart chun an comhaontú a chur ar fionraí nó a shéanadh go haontaobhach, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm go hiomlán, i gceart agus go tapa sa chuid de Nasc Seasta Mhuir nlochta atá faoina dlínse.
- (d) Foráiltear leis an gcomhaontú sásra i ndáil lena leasú, chun é a oiriúnú d'athruithe ar dhlí an Aontais.
- (e) Áiritheofar an neamhspleáchas agus na cumhachtaí faoi seach a dheonaítear le dlí an Aontais do Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus EPSF, mar údarás sábháilteachta náisiúnta de réir bhrí Threoir (AE) 2016/798. Go háirithe,
 - Ní aithneofar gníomhartha ORR chun críocha an chomhaontaithe ach amháin i gcásanna inar tugadh comhaontú roimhe sin i gcrích faoi Airteagal 14(5) de Threoir 2012/34/AE¹⁰.
 - Ní aithneofar coibhéis ghníomhartha ORR ach amháin i gcás dá bhforáiltear sin leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF).
 - I leith na n-ábhar a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe, ní dhéanfaidh cúraimí agus cumhachtaí an Choimisiúin Idir-Rialtasigh agus an Údaráis Sábháilte a bunaíodh faoi Chonradh Canterbury difear d'uathriail cinnteoireachta EPSF, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Airteagal 3

Coimeádfaidh Poblacht na Fraince an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta faoin gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir leis an gcomhaontú agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh Poblacht na Fraince ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir.

Ar chríochnú na caibidlíochta, cuirfidh Poblacht na Fraince an dréacht-chomhaontú a éireoidh as sin faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin.

Laistigh de mhí amháin ó fhógra an dréacht-chomhaontaithe a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi cé acu atá na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 á gcomhlíonadh nó nach bhfuil. I gcás ina gcinneadh an Coimisiún go bhfuil siad á gcomhlíonadh, féadfaidh Poblacht na Fraince an comhaontú comhfhreagrach a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

Cuirfidh Poblacht na Fraince cóip den chomhaontú sínithe ar fáil don Choimisiún laistigh de mhí amháin tar éis a theacht i bhfeidhm, nó, i gcás ina mbeidh an comhaontú le cur i bhfeidhm go sealadach, laistigh de mhí amháin ó thús a chur i bhfeidhm sealadach.

Airteagal 4

Ar feadh fhad an chomhaontaithe, áiritheoidh Poblacht na Fraince go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm go hiomlán, i gceart agus go tapa sa chuid de Nasc Seasta Mhuir nlochta atá faoina

¹⁰ Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (athmhúnlú), IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

dlínse. Déanfaidh Poblacht na Fraince bearta iomchuí ina leith sin lena n-áirítear, i gcás inar gá, fionraí nó séanadh an chomhaontaithe.

Airteagal 5

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den airteagal seo, cumhachtaítear Poblacht na Fraince an comhaontú a leasú, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagfar síos ann, chun é a oiriúnú d'athruithe amach anseo ar dhlí an Aontais, agus go háirithe do leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/796 agus Threoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, ar choinníoll go bhfuil gá le leasuithe ar an gcomhaontú sin chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm go hiomlán, go ceart agus go tapa maidir leis an gcuid den Nasc Seasta Mhuir nIocht atá faoi dhlínse na Fraince.
2. Coimeádfaidh Poblacht na Fraince an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta faoi aon chaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le leasuithe ar an gcomhaontú agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh Poblacht na Fraince ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir. Cuirfidh Poblacht na Fraince na leasuithe atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht le nóta míniúcháin. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin. Soláthróidh Poblacht na Fraince aon fhaisnéis bhreise a iarrann an Coimisiún maidir leis na leasuithe atá beartaithe.
3. Laistigh de [3] mhí ó fhógra an leasaithe atá beartaithe agus an nóta míniúcháin a ghabhann leis a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi cé acu atá na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus in Airteagal 2 á gcomhlíonadh nó nach bhfuil. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil siad á gcomhlíonadh, féadfaidh Poblacht na Fraince leanúint ar aghaidh le leasú an chomhaontaithe. Cuirfear cóip den chomhaontú leasaithe ar fáil don Choimisiún laistigh de mhí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe, nó, i gcás ina mbeidh an leasú le cur i bhfeidhm go sealadach, laistigh de mhí amháin ó thús a chur i bhfeidhm sealadach.

Airteagal 6

Tá an Cinneadh seo gan dochar do Chinneadh (AE) 2020/1531.

Airteagal 7

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*